

Nuacht Feirste



Meitheamh 12ú

Uimhir 21

Táille 10p

Impiriúlachas an SDLP

AG AN cheathrú bronnadh bliantúil den Fháinne, Dé Sathran, 7ú Mheitheamh, cháin Pádraig Ó Maolchraoibhe an SDLP de thairbhe go raibh siad "ag obair go dlúth leis an fhórsa is mó impiriúlachais sa domhan — Stáit Aontaithe Mheiriceá".

Dúirt sé go mbeadh Gaelgeoirí, ach go háirithe, buartha go raibh an SDLP ag fáil airgid ó ghrúpa de chuid rialtas SAM a raibh Henry Kissinger mar bhall mór le rá ann.

Arsa tuasal Ó Maolchraoibhe agus é ag bronnadh 57 bhfáinne:

"Tá ráite ag UNESCO, grub é SAM an chumacht is mó sa domhan atá ag scríos cultúir dúchasacha agus ag cur cultúir Angla-Mheiriceánaigh ina n-áit.

"Le cuidiú leis an obair atá sa tsuíl aige le flaitheas náisiúin eile a scríos bíonn rialtas SAM go síoraí ag tabhairt tacaíochta do ghrúpaí i dtíortha eile atá i bhfách le go ndéanfaí ar shuíl le cultúir a théann siar na mílte bliain ar mhaithe le cultúr Coca-Cola agus MacDonalds.

"Is sa chomhthéacs seo a chaithfeas



● Pádraig Ó Maolchraoibhe ag déanamh comhghairdeas le rionnt de grúpa ar a bronnadh an Fáinne ortha

muid dearcadh ar tuairisc sa New York Times a mhaíonn go bhfuil an National Endowment for Democracy Fund, a thacaíonn leis na Contras i Nicaragua, i ndiaidh \$85,000 a thabhairt don SDLP. An dtig leis an SDLP a bheith ag brath ar airgead ar ghrúpa mar seo, a bhfuil nasc idir é agus an CIA, agus a bheith ag obair ar son Éireann Aontaithe saor ó smacht cultúrtha?

"Tá sé ag éirí níos soiléir go bhfuil aon dearcadh amháin ag Rialtas Bhaile Átha Cliath agus ag an SDLP ar an Ghaeilge. Agus tá a fhios ag cách cad é an

dímheas atá ag an rialtas ceanna ar an Ghaeilge nuair nach gceolann RTÉ ach 2% de chlár i nGaeilge.

"Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtuigeann sibhse atá ag foghlaim na Gaeilge na fíricí seo mar cáithfidh Éire shaor a bheith ina hÉirinn Ghaelach saor ó smacht cultúrtha. Lena chois thig linn uilig ár dteanga dúchais a úsáid mar ghleas cosanta in aghaidh ansmachta chultúrtha."

Níos luaithe sa lá reachtáileadh mioncholaiste Ghaeilge sa Mhuileann, Sráid Conway.

Agóid ag Maghaberry

GHLAC thart ar 70 duine páirt in agóid i gcoinne an nocht-chuardaigh ag Príosún na mBan i Maghaberry ar an Domhnach, 8ú Meithimh. Bhí daoine i láthair ó Bhéal Feirste, Baile Átha Cliath, Fear Manach agus Tír Eoghain.

Mhol iar-chime Ann Marie Quinn don locht éisteachta an feachtas a méadú ar na sráideanna chomh maith le brú a chur ar ghrúpaí, daoine aonair

agus rialtais in Éirinn agus thar lear chun deireadh a chur le nocht-chuardach atá ar siúl le trí bliana anuas.

Cé go raibh laghdú sa mhéad cuardaigh, ar sí, tharla sé seo de bharr maolú an líon daoine sna príosúin. Bhí an dearcadh céanna ag rialtas na Breataine faoin nocht-chuardach.

Cháin an sagart ó Fhear Manach, an tAthair Joseph McVeigh an nocht-chuardach go



tréan. Thug iar-chime Marie Gavaghan atá gníomhach san fheachtas i mBaile Átha Cliath, cuntas ar an obair atá ar siúl ó dheas.

Socrú eile

MÁ thig an tuar fan tarnagaireacht cuirfead deireadh le Comhthionól Stormont gan rō-mhoill. Cé gurbh fearr le rialtas na Breataine na comhthionól a choinneáil ar a bhonnaí go dtí go mbeadh an SDLP réidh le dul isteach ann tá siad ag doicheadh roimh thoghachán eile a thioctas i mí Dheireadh Fómhair muna ndruid-tear an Tionól.

Ba é an Comhthionól ag Stormont an iarracht dheireannach roimh Hillsborough, ag an rialtas thall, le socrú inmheánach a dhéanamh ar 'Cheist na hÉireann'. De thairbhe gur throid Sinn Féin ar son stonadh i Stormont ní raibh an SDLP ábalta - mar ba mhian le John Hume agus ceannairí eile sa pháirtí - a suíocháin a ghlacadh san údarás nua. Gan baint a bheith ag náisiúntóirí leis an tionól bhí an bás, luath nó mall, i ndán do.

Céim siar atá i dteip an tionóil do Rialtas na Breataine ach faoin Chomhaontú idir Londain agus Baile Atha Cliath tá iarracht a déanamh athuair le socrú eile inmheánach a chur i gcrích. Agus cibí údarás eile a bhéas ann do na sé chontae thig linn a bheith cinnte go mbeidh Rialtas Bhaile Atha Cliath ag brú ar an SDLP páirt iomlán a imirt ann.

Is féidir dochas éigean a bhaint as titim an tionóil mar is de thairbhe seasmhacht

náisiúntóirí na hÉireann atá sé á chur in aon uaign le Sunningdale, leis an imtheorannú agus le coirpeachas Roy Mason. Is cinnte gur mó i bhfad an dúthracht atá naimhde saoirse na hÉireann ag caitheamh le Comhaontas Hillsborough ach tabhraidh briseadh an Chomhthionóil dóchas dúinn go mbrisfead fosta ar an chomhaontú nua seo atá i bhfocail Tom King ina "babhun milltin-each in éadan athaontú na tíre seo".

Tá comhárthaí ann go bhfuil fiú ailtirí an Chomhaontaithe ag éirí buartha faoin mhoill atá curtha ag Rialtas na Breataine ar an 'Ré nua' a bhí geallta ag an SDLP agus ag Rialtas Bhaile Atha Cliath do 'náisiúntóirí bochta' na sé chontae. An tseachtain se thug eagarthóirí an *Irish News* agus *The Sunday Tribune* le fios go raibh siad ag éirí mífhóideach leis na Breatanaigh. Lena chois dúirt Aire Gnóthaí Eachtracha na sé chontae fichead, Peadar De Barra, nach raibh seisean sásta le torthaí an tsocráithe. Sé mhí ó shin bhí an fear céanna ag ionsaí polaiteora ar bith a chaith amhras ar an Chomhaontú.

Ní hé amháin nach mbeadh Gaelgeoirí sásta le príosúnú Ghearáid Uí Chairealláin mar 'thoradh' ar Hillsborough ach creideann an nuachtán seo fosta go bhfuil Gaeil i gcoitinne ag éirí bréan de shocrú atá de réir cosúlachta ag laidriú láithreach na Breataine in Éirinn agus ag tréisiú a meaisín smachta sna cúirteanna, sna príosúin agus ar na sráideanna.

I 1903 bhí sé seo faoi chaibidil ar Roger Casement agus é ag plé cas na teanga. Scriobh sé tuairisc ar dhá thaobh an scéil: cúis a cuirfeadh in éadan fear as Tír Chonaill a raibh "Erin go bragh" scríofa ar a thrucaílin aige agus cás eile nuair a d'fhoilsigh arm na Breataine postaeir leis an focail cheanna agus iad ag earcaíocht i gCiarraí. Nuair a d'fheil an ocaid bhain siad feidhm as an teanga.

San alt cheanna mhinigh Casement gur léadh an acht parlaiminte, a rinne 'Rí na hÉireann' do Anraoi a hOcht, i nGaeilge agus i mBéarla.

Arsa Mac Easmuinn:

"It surely makes strange reading of the law today when magistrates sitting under the royal arm can ban as illegal the very language by which those arms received their legal field of display."

Cime Poblachtach,
An Cheis Fhada.

MÁLA POIST

A Chara, Ceapaim gurb é W.B. Yeats a dúirt tráth nach bhfuil aon rud nua i stair na hÉireann ach an stair féin a hathrú féin i gcónaí. Cuireadh sin i gcuimhne dom an tseachtain seo nuair a léigh mé gur daoradh Gearóid Ó Cairealláin do thearma príosúntachta ar son úsáid na Gaeilge.

Níos mó ná ochtó bliain ó shin, bhíodh breithimh in Éirinn ag cur daoine i gcarcair ar an chúir cheanna. I gcás cáiliúl amháin labhair Pádraig Mac Piarais mar abhcóid ar son Gaeil as Tír Chonaill a raibh a ainm scríofa as Gaeilge aige ar thaobh a chairt. B'shin an t-aon uair amháin a rinne an

Piarsach obair abhcóideach.

B'fhéidir go bhfaca sé an lá sin nárbh fhiú faic a bheith ag iarraidh dlí na Breataine a bhuaileadh ina gcúirteanna féin agus gurbh fhearr slí eile a aimsiú le cearta na nGael a bhaint amach.

Nuair a daoradh Mac Uí Chairealláin bhí sé ag leanstan coischéim na staire agus ag taispeáint cé chomh baolach is atá an teanga do na Sasanaigh. Gné ar bith den chultúr a léiríonn gur dream ar leith sinn, is baolach é don pholasáí choilíneach atá go fóill féin á chur i bhfeidhm ag Sasain in Éirinn. Taispeánann sé freistin ar ndóigh béalchráifeacht na Sasana maidir leis an teanga.



Cumann Rodaí Mhic Chorlaí

Oíche Folk Déardaoín

Oíche Cheoil (fáilte roimh Ghaeil)

Dé hAoine

Oíche Luain

Dara Rang

Gaeilge

Oíche Mháirt

Bunrang

Oíche cheoil ar son Naíscóil na Fuisioige.

Oíche Chéadaoin Bunrang agus Ard-Rang



Pogrom faoi Éirinn

TÁ AN t-eagrán is deanaí de Pogrom, iris de chuid grúpa cearta sibhialta sa Ghearmáin, ag dtu ar chás an lucht taistil agus ar chúrsaí na Gaeilge.

Dúirt úrlabhraí ar son Cumann na bPobal Faoi Léigear go bhfuil rann-tir na hÉireann faoi smacht coilínigh le hocht gcéad bliain agus go bhfuil le hocht geadaíocht agus go bhfuil ar ndearnadh leatrom orthu.

Léirmheas iris Suim ón Bhriotáin

LE DONALL Ó DUFAIGH

CHONAICEAS domsa i gconaf gur chuir náisiúntóirí na Briotáine níos mó suime i gcás na hEireann ná mar a chuir náisiúntóirí ins na tíortha Ceilteacha eile. Is cineál de chruthú ar sin an uimhir speisialta galánta a chuir an iris staire on Briotáin, *Dalc 'homp sonj!* amach i mbliana, le hEirí Amach na Cásca a chomórath, 70 bliain ina dhiaidh.

Tá an iris seo go fiormhaith ó thús deireadh. Tá 65 leathanach ann ar pháipéar snasta. B'fhéidir go bhfuil sé measartha daor ar 45 fhranc (thart fá £4.50) ach is iris í a bheadh fonn ort a léamh agus a choinneáil.

Dearfainn gur fiú í a cheannacht beagnach ar mhaithe leis na pictiúirí amháin – ón chlúdach tosaigh ar a bhfuil pictiúr fiordheas le Sean Ketting ón Crawford Gallery, Fir an Deiscirt go dtí an clúdach deireadh ar a bhfuil griangraf den Ballyseedy Memorial de chuid Yann Goulet – Briotanach a bhfuil in Éirinn ar feadh 30 bliain.

LEABHAIR


Tá suim sin na mBriotanach ionainn soiléir ó alt suimiúil ag Yves Jezequel agus Jean-

Dalc'homp sonj!

Revue Historique Bretonne

45

NUMERO HORS SERIE



Jacques Monniter ina luann siad go raibh na leabhair seo a leanas fograithe ag an siopa leabhar *L'Heure Bretonne* ag pointe áirithe: *Saol an Phiarasigh* le L-N Le Roux, *Mo Throid ar son na Saoirse* le Dan Breen, *Stair na hEireann* le E. Joynt, *Conradh na Gaeilge* le L-N Roux – iad seo uilig sa Fhraincis.

Ach nuair a amharcann muid fríd na uimhir speisialta seo, chíf muid go leanann an tsuim mar, sna fógraí tá leabhair le Liam O Flathartaigh, Dughlas De hÍde, Flann O'Brien, Sean O'Casey, is araile – uilig aistrithe ó Bhearla nó Ghaeilge go Fraincis – *Learning Irish* le Micheál Ó Siadhail le fáil i mBéarla, agus Dan Breen arís, ach sa Bhriotáinis an iarraidh seo!

FINSCEÁL

Tá liosta le háireamh de leabhair ar an tír seo scríofa sa Fhraincis ag Roger Faligot a chaith tréimhse sa tír mar nuachtóir agus tá alt breá san iris seo aige ina maoidheann sé go raibh pleanna ag muintir 1916 – a chuaigh ar

strae ag an am – le cogadh a bhaint agus gur finscéal é gur “fobairt fola” a chuir siad rompu..

Tá alt ag Pádraig Ó Cleirigh ar *Conradh na Gaeilge agus an Náisiúnachas Éireannach* ina deir sé go raibh Conradh na Gaeilge a bheag nó a mhór ceangailte le páirtí Redmond sular éirigh leis na poblachtánaigh deireadh a chur leis sin in 1915 agus an Conradh a thabhairt níos mó i dtreo na poblachta.

Tá altanna ar ndóigh ag Nollag Ó Gadhra, *An Phoblacht Éireannach – a tus is a deireadh 1916-23*, ag Pádraig Ó Snodaigh, *Eire i 1913*, ag an Choirnéal Eoghan Ó Néill, *Baile Átha Cliath – An Chéad Chath i gCogadh na Saoirse*, ag Desmond Greaves, *James Connolly agus ag Ruairí Ó Braidaigh, Na Feachtais Mhíleata*, ar chogadh na saoirse go dtí 1923.

Má tá leamh na Fraincise agat – tá alt amháin le Gearóid Ó Tuaghaigh, aistrithe ag Alan Heusaff, sa Briotanais – b'fhiú iarracht dhéanamh ar chóip a fháil ó 36 Rue Emile Zola, 56100, An Oriant/Lorient, Brittany.

Ag foghlaim na Gaeilge

CEACHT A HOCHT DEAG

Foclóir


Seasfaidh mé – I will stand
Fanfaidh mé – I will wait
Tógfaidh mé – I will take/lift
Dúnfaidh mé – I will shut
Olfaidh mé – I will drink
Glanfaidh mé – I will clean
Scuabfaidh mé – I will brush
Brisfidh mé – I will break
Cuirfidh mé – I will put
Rithfidh mé – I will run
Fillfidh mé – I will return
Léifidh mé – I will read
Nífidh mé – I will wash
Suifidh mé – I will sit
Ceartóidh mé – I will correct
Críochnóidh mé – I will finish
Codlóidh mé – I will sleep
Ceannóidh mé – I will buy
Cruinneoidh mé – I will collect
Imeoidh mé – I will go away

Eireoidh mé – I will get up
Deiseoidh mé – I will repair
Smaoineoidh mé – I will think

Le Foghlaim

Beidh mé ag obair amárch
Feicfidh mé mo chara (chifidh mé)
Cluinfidh mé ar an raidió é (cloisfidh mé)
Déanfaidh mé cupán tae domh féin
Tabharfaidh mé mílseáin do na páistí
Bearfaidh mé ar mo mhála
Rachaidh mé chuig na siopaí
Tiocfaidh mé abhaile go measartha luath
Gheobhaidh mé an dinnéar
Iosfaidh muid é

DO
dom(h) – to me
duit – to you
do – to him
di – to her
dúinn – to us
daoibh – to yours
dóibh – to them
do Sheán – to John
den ghasúr – to the boy
do m'athair – to my father
do na fir – to the men
Tabhair domh – give me
Taispeáin domh – show me
Léigh sin domh – read that for me
Tá grá agam do mo mháthair – I love my mummy
Bhí trua agan dóibh – I felt a pity for them



Tá dhá alt Gaeilge i *bPogrom* ag cur síos ar staid na Gaeilge an lá atá inniu ann agus ar stair na teanga. Is iad Donall Ó Riagáin agus Máirtín Ó Murchú údair na n-alt.

Ceird an cheoil

LE DEASÚN BREATHNACH

AR CHÓIR focla na n-amhrán a fhoilsiú? Ait go leor tá daoine in Éirinn ar mór leo na hamhráin ach a cheapann nár chóir, gur ruid é sin a dhéanann dochar don amhránaíocht, go háirithe don amhránaíocht ar an sean-nós.

Ní deacair an dearcadh sin a thuiscint. Chuala muid uilig daoine áirithe a d'fhoghlaim amhráin as leabhar agus a stopann ag deireadh gach líne chl-óite. Ba chóir dóibh, ar ndóigh, leanúint leis an abairt go dtí deireadh na habairte sa cheol, nó, chun é a rá bealach eile, go dtí an stop nádúrtha.

Rannaíocht a thugaim ar a leithéid (mír, mírim, na focla atá ag De Bhaldraithe). Ach tá rannaíocht bhriste ina nu-nós, atá le cloisteáil ó mhaidín go hoíche ar an raidió, sa mBéarla, araon chaol.

Leabhar nua is cúis leis an gcaint seo uaim: *Croch Suas É!* Micheál Ó Conghaile a chnuasaigh agus Cló Iar-Chonnachta, Conamara, a d'fhoilsigh; £3 a luach. Dán ón leabhar *Beairte* le Seán Ó Curraoin agus léaráid le Mairéad Ní Nuadháin a chuireann tús leis an saothar seo, *Croch suas é*, an dán: tá 121 amhrán sa

chnuasacht.

AMHRÁNAÍ

Is é a cheapann mo chara, a bhí glan in éadan a leithéid de leabhar a theacht amach, go gcaithfear na hamhráin a fhoghlaim trí bheith ag éisteacht le amhránaí den scoth. "Caithfidh tú iad fhoghlaim sa chaol sin," ar seisean, "le blas ceart na n-amhrán, agus an sean-nós a ghabhann leis, a thabhairt leat."

Dearcadh é seo atá an-sean in Éirinn. Fadó bhí an lucht dlí in éadan na dlíthe a bhreacadh ar phár. Níor mhaith le seanchaí go ndéanfaí a chuid scéalta a scríobh amach. Nuair a tháinig an fónógraf amach níor theastaigh uaidh é féin agus a chuid scéalta a bhuanú ar an dóigh sin, ach oiread. Ansin tháinig an gramafón agus ní ba dhéanaí an téip agus féach, tá an scríob déanta. Má bhíonn tuiscint dá laghad agat don cheol beidh tú in ann ceol ar

bith a thabhairt leat má bhíonn tú foighneach go leor ag éisteacht leis.

SEAN-NÓS

Ach an chuid is mó dinn ar deacair dúinn freastal ar an amhránaí ar an sean-nós, cúis amháin nó eile. is mór an cuidiú leabhar na n-amhrán a fháil. Ach ba chóir go ndéanfaí daoine a oilliúint sna scoileanna, nó áit eile, sa Chomhaltas, b'fhéidir, faoin mbealach is fearr chun a leithéid de leabhar a úsáid.

Más amhránaí ceart thú, bail ó Dhia ort, déanfaidh tú gach iarracht le freastal ar an amhránaí is fearr ina theach féin (nó sa teach tábhairne). Éistfidh tú le téipeanna agus le ceiríní a rinne sé. Más spéis leat amhrán ar leith déanfaidh tú gach iarracht len é a chloist-eáil ón oiread dea-amhránaíthe agus atá ar do chumas. Ach chuidoidh leithéid *Croch Suas É!* thú chun an turas a thosú.

Tá an locht céanna ar an leabhar seo is atá ar gach ceann den chineál: níl againn anseo ach cuid an-bheag de vearsaí na n-amhrán móra (Dónall Óg, arís mar shampla). Dála an scéil, tá amhráin Ultacha anseo, cé gur as Conamara don bhformhór. Ach nach breá ann do na trí vearsaí a scríobh Peadar O Doirnín faoi Urchnoc Chéin Mhic Cainte!



CUMANN NA MEIRLEACH

Bóthar Bhaile Andarsan

OÍCHE CHEOIL

GACH
AOINE

Fáilte
romhaibh
uilig



Crosfhocal 14

Trasna


1. Duine ó Albain (8)
7. Scríobhann tú leis (5)
8. Geobhaidh sé céile duit! (8)
10. Rudáí trína chéile (7)
11. Guíonn tú do na beannachtaí seo (6)
12. Talún portaigh (4)
15. Diúltú (5)
17. Coiriú (5)
18. Capall (4)
21. Camán criket (6)
23. Comhrá no caint gan chiall (7)
25. D'úsáid N. Pádraig seo le Dia a mhiniú (8)
26. Tead déanta as cochán (5)
27. Marú, ár sa ghinideach (8)

Síos

1. Fágtar iad nuair a dóitear gual (9)
2. Ailleagán (5)
3. Sa slí gnáthach (8)
4. Tosaíonn achan turas leis (4)
5. Duine tofa do Westminster (7)
6. Ag teacht ón deisceart (5)
9. Stríoch, scríos (4)
12. Focal beag in éadan (3)
13. Solas an-láidir (3,5)
14. Díobhal, droch-spiorad (7)
- 19.... Fhada, priosún gar do Lios na gCearrbhach (4)
20. Teach ina ndéantar arán (3)
22. Ag fáil bás le tead timpeall do scórach (5)
24. Babhta, seans, uain (4)

Buaiteoir Crosfhocal 13

Tiomothe Moore,
F/ch Chumann Uí Shluain,
Bóthar na Carraighe Báine.



Freagraí Crosfhocal 13:

- Trasna: 3. Tacaíocht; 7. Uladh; 8. Teideal; 10. Monarcha; 12. Staic; 14. Umadóir; 18. Craic; 21. Sailbhe; 22. Meahta; 26. Cardalaí; 29. Dleacht; 30. Runaí; 31. Realtanna.
- Síos: 1. Suimiú; 2. Caineál; 3. Thar; 4. Cath; 5. Ordha; 6. Toll; 9. Eas; 11. Coir; 13. Tici; 15. Ocht; 16. Rás; 17. Treoirim; 19. Iarr; 20. Abhlann; 23. Anáil; 24. Ach; 25. Idir; 27. Atan; 28. Dara.